TREOIRLÍNTE MAIDIR LE COMHLÍONADH FHORÁLACHA NA nACHTANNA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ 1995 AGUS 2001

TREOIRLÍNTE DO SHEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ
(An Deichiú hEagrán)

Samhain 2013

(Aguisíní 2 agus 3 cothrom le dáta Nollaig 2018)

Clár

Réamhrá

1. Reachtaíocht Iomchuí

2. Réamhrá leis na Treoirlínte

3. Seirbhísigh Phoiblí lena mbaineann na Treoirlínte

4. Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh - ginearálta

5. Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh - sonrach

- **(i) An tArd-Aighne**
- **(ii) Stiúrthóirí Ainmnithe**
- **(iii) Poist Ainmnithe**
- **(iv) Sealbhóirí oifigí agus poist áirithe arna bhforordú mar phoist ainmnithe faoi alt 18(3) d'Acht 1995**
- **(v) Comhairleoirí Speisialta**

6. Ceanglais i ndáil le hImréiteach Cánach

7. Leasanna In-Nochta faoi na hAchtanna um Eitic

8. Mínithe

Aguisíni

Réamhrá

Rinneadh an deichiú heagrán seo de na treoirlínte do sheirbhísigh phoiblí i ndáil le comhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Eitic a dhréachtú chun áireamh a chur ar leasaithe atá déanta ar Ionstraimí Reachtúla a achtaíodh sa bhliainta 2012 agus 2013 a leagann amach eagraíochtaí áirithe mar chomhlachtaí poiblí chun críocha na nAchtanna um Eitic agus lena ndéantar leasú ar na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus ar na poist ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí. Tháinig I.R. 575 de 2012 agus I.R. 582 de 2012 i bhfeidhm ar an **1 Eanáir** 2013 agus tá feidhm ag an deichiú heagrán seo de na treoirlínte amhail ón dáta sin amach. Ina theannta sin, tháinig IR 265 de 2013 agus IR 271 de 2013 i bhfeidhm an 11 Iúil 2013. Áit a léirítear sin, beidh feidhm ag na treoirlínte ón dáta sin.

I gcás rialacháin breise lena bhforordaítear stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe fhostaíochta a bheith déanta ina diaidh sin, beidh na treoirlínte maidir le stiúrthóireachtaí agus poist den sórt sin i bhfeidhm ón dáta a luaitear.

I gcás go ndéanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuilleadh rialachán tar éis do na treoirlínte seo a bheith foilsithe, lena bhforordófar comhlachtaí poiblí, stiúrthóireachtaí ainmnithe agus/nó poist ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí, ach nach ndéanfar aon athruithe substainteacha ar na ceanglais ó thaobh reachtaíochta faoi mar a leagtar amach thíos, ní dhéanfar athbhreithniú ar na treoirlínte. Léireofar aon athruithe ar liostaí na gcomhlachtaí poiblí, na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus/nó na bpost ainmnithe fostaíochta sa mhír nó aguisín ábhartha. Is féidir méideanna tuarastail ábhartha cothrom le dáta freisin nuair is gá.

Déileáiltear leis na nithe seo a leanas sna treoirlínte:

- ráitis bhliantúla maidir le leasanna;
- ráitis maidir le leas ábhartha, agus
- ceanglais maidir le himréiteach cánach.

In Aguisíní 1 gheofar na formáidí le haghaidh ráiteas maidir le leasanna agus le haghaidh ráiteas 'nialas' atá le húsaid ag earnálacha éagsúla seirbhíseach poiblí.

In Aguisín 2, leagtar amach liosta reatha na bpost ainmnithe i Ranna/Oifigí státseirbhíse.

In Aguisín 3, leagtar amach liostaí reatha na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus na bpost ainmnithe sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. In Aguisín 3 freisin, leagtar amach an t-oifigeach sa chomhlacht a dtugann stiúrthóirí ainmnithe ráitis dóibh agus an t-údarás iomchuí a dtugann sealbhóirí post ainmnithe ráitis dóibh.

Cuid 1: Reachtaíocht Iomchuí

Chun críocha na dtreoirlínte seo gairtear na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, le chéile.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (Acht 1995)

1. Le hAcht 1995 bunaíodh an Coimisiún um Oifigí Poiblí agus na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann. Déantar foráil leis maidir le nochtadh leasanna ag sealbhóirí oifige, ag an Ard-Aighne, ag comhaltaí de Thithe an Oireachtais, ag comhairleoirí speisialta agus ag sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus sealbhóirí post ainmnithe sa státseirbhís agus san earnáil stát-tionscanta.

2. Le hAcht 1995 freisin déantar foráil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ionchasacha agus maidir le treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt chun cabhrú le daoine forálacha na reachtaíochta a chomhlíonadh. Tuairiscítear go mion ann na cumhachtaí atá ag an gCoimisiún um Oifigí Poiblí, na cúinsí inar féidir gearáin a dhéanamh agus an próiseas ar tríd a dhéanfaí cinneadh chun tús a chur le himscrúdú.

3. Le hAcht 1995 toirmisctear ar shealbhóirí oifige bronntanais luachmhara a choimeád agus leasaítear leis na Prevention of Corruption Acts, 1889 to 1916.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 2001 (Acht 2001)

4. Le hAcht 2001 leasaítear Acht 1995 ar roinnt bealaí. Déantar foráil leis maidir le bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An Coimisiún um Chaighdeáin) agus tugtar dó na feidhmeanna agus na cumhachtaí go léir a bhí ag a réamhtheachtaí, an Coimisiún um Oifigí Poiblí, faoi Acht 1995.

5. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin, mar a fuarthas iad ón gCoimisiún um Oifigí Poiblí, ná treoirlínte a fhoilsiú, comhairle a thabhairt agus imscrúdú a dhéanamh, agus tuarascáil a thabhairt, i dtaobh sáruithe ionchasacha ar na hAchtanna um Eitic. Baineann na feidhmeanna sin atá ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le sealbhóirí oifige (lena n-áirítear Airí agus Airí Stáit), leis an Ard-Aighne, le comhairleoirí speisialta agus le sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus stiúrthóirí post ainmnithe sa státseirbhís agus san earnáil stát-tionscanta. Tá na feidhmeanna céanna á gcomhlíonadh ag na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Seanad Éireann i ndáil le comhaltaí na dTithe sin nach sealbhóirí oifige iad.

6. Áirítear in Acht 2001 oibleagáidí maidir le himréiteach cánach atá le comhlíonadh ag an Ard-Aighne agus ag daoine a cheaptar chuig oifig shinsearach [i.e. poist ainmnithe nó stiúrthóireachtaí ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí a fhorordaítear faoi Acht 1995 ar poist nó stiúrthóireachtaí iad nach lú an luach saothair ina leith ná an luach saothair is ísle do Leas-Ardrúnaí sa státseirbhís (€171,263 le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2019). Tugtar sonraí i gCuid 6 maidir leis na ceanglais ina leith seo.

7. I gcomparáid le hAcht 1995, déantar foráil in Acht 2001 maidir le réimse níos leithne cúinsí inar féidir gearán a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Is féidir gearán a dhéanamh anois chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ní amháin i leith sealbhóra oifige, i leith an Ard-Aighne, i leith comhairleora speisialta, i leith duine a bhí, ag an tráth iomchuí, i seilbh aon stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe i gcomhlacht poiblí ach freisin i leith duine a bhí, ag an tráth iomchuí, i seilbh stiúrthóireachta nó poist fostaíochta i gcomhlacht poiblí. Déantar foráil le hAcht 2001 freisin maidir le díolúine do ghearánaigh agus bunaítear bonn leis ar tríd is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigigh Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúcháin a dhéanamh maidir le gearáin.

8. Le halt 10 d'Acht 2001 déantar socrú maidir le cóid iompair atá le tarraingt suas le haghaidh earnálacha sonraithe daoine. Is é an Coimisiún um Chaighdeáin a fhoilsíonn na cóid agus léirítear iontu na caighdeáin iompair agus ionraicis le haghaidh na ndaoine lena mbaineann siad le linn do na daoine sin a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus léirítear nithe gaolmhara iontu freisin. Go dtí seo, tar éis comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, tá cóid tarraingthe suas ag an Rialtas mar threoir do shealbhóirí oifig, ag na Coistí iomchuí ar Leasanna Comhaltaí mar threoir do chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, seachas sealbhóirí oifige, agus ag an Aire Airgeadais mar threoir do státseirbhísigh. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cód nó cóid a tharraingt suas mar threoir do dhaoine a shealbhaíonn, nó ag a bhfuil, stiúrthóireachtaí de chuid comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne nó a shealbhaíonn, nó ag a bhfuil, poist i gcomhlachtaí den sórt sin. Tá na cóid inghlactha in aon

imeachtaí os comhair cúirte nó os comhair aon bhinse eile nó os comhair Coiste ar Leasanna Comhaltaí de chuid ceachtar Teach den Oireachtas nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin agus féadtar aon fhoráil de chuid cóid, ar foráil í a dhealraíonn d'aon cheann de na comhlachtaí réamhráite a bheith iomchuí i dtaca le ceist sna himeachtaí, a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

Cuid 2: Réamhrá leis na Treoirlínte

9. Is é an Coimisiún um Chaighdeáin a rinne na treoirlínte seo do sheirbhísigh phoiblí a tharraingt suas tar éis comhairle a ghlacadh leis na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1)(a) d'Acht 1995. Baineann siad go sonrach le seirbhísigh phoiblí.

10. Tá treoirlínte ar leithligh foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le haghaidh sealbhóirí oifige (i.e. Airí, Airí Stáit, Ard-Aighne ar comhalta é nó í de chuid ceachtar Teach den Oireachtas, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach gach Tí agus Cathaoirleach ar Choiste de chuid ceachtar Teach nó ar Chomhchoiste den dá Theach, i gcás ina mbeidh an Coiste ainmnithe chun críocha reachtaíochta).

11. Cuireann na treoirlínte eolas ar fáil faoi na bearta nach mór do sheirbhísigh phoiblí a thagann faoi réim na nAchtanna um Eitic a ghlacadh d'fhonn ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh. I dteannta na dtreoirlínte, féadfaidh seirbhísigh phoiblí comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le haon fhoráil den reachtaíocht nó maidir le feidhm aon fhoráil den sórt sin in aon chás áirithe.

12. Ní mór do sheirbhísigh phoiblí gníomhú de réir na dtreoirlínte agus de réir aon chomhairle a thabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, mura rud é go mbeadh foráil eile den reachtaíocht á sárú acu dá ndéanfaidís amhlaidh.

13. I gcás ina n-iarrtar ar an gCoimisiún um Chaighdeáin comhairle a thabhairt, ní mór dó an chomhairle sin a thabhairt laistigh de 21 lá nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh sé diúltú comhairle a thabhairt. Is é an nós imeachta is fearr, d'fhonn aon bhaol míthuisceana a sheachaint, ná iarrataí ar chomhairle a dhéanamh i scríbhinn (lena n-áirítear teachtaireachtaí ríomhphoist sipo@sipo.gov.ie). De ghnáth déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach comhairle de chineál substainteach a thabhairt, nó a dhaingniú, i scríbhinn.

14. Nuair a ndéantar iarratas ar chomhairle chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin, faoi mar atá luaite i mír 11, ní bheidh feidhm ag an fhoráil den na hAchtanna um Eitic lena mbaineann, a mhéid a bhaineann leis an duine a dhéanann an iarraidh, maidir leis an duine sin i rith na tréimhse ón tráth a dhéantar an iarraidh go dtí go dtugtar an chomhairle nó go dtí go ndiúltaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle a thabhairt.

15. Beidh na treoirlínte seo inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile nó os comhair Coiste um Leasanna Chomhaltaí de chuid ceachtar Teach den Oireachtas nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin agus féadfar aon fhoráil d'aon chód, a dhealraíonn d'aon cheann de na comhlachtaí réamhráite a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí, a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

16. Tá roinnt téarmaí tábhachtacha ann sa reachtaíocht agus sna treoirlínte seo. I dtaca leis sin de, tá liosta mínithe as an reachtaíocht le fáil i gCuid 8.

Cuid 3: Seirbhísigh Phoiblí lena mbaineann na Treoirlínte

17. Baineann na treoirlínte seo leis na daoine seo a leanas:

(i) duine nach comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann agus a shealbhaíonn nó a shealbhaigh oifig an Ard-Aighne;
(Más tú an tArd-Aighne agus más comhalta de chuid ceachtar Teach tú, is ceart duit na Treoirlínte do Shealbhóirí Oifige arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a léamh.)

(ii) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí, faoi mar a fhorordaítear le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe(féach Aguisín 3);

(iii) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post ainmnithe fostaíochta i gcomhlacht poiblí, arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena n-áirítear post nach lú an tuarastal uasta ina leith ná tuarastal Príomhoifigigh (Grád Seirbhíse Ginearálta) sa Státseirbhís i.e. €96,189 le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2018 (féach Aguisíní 2 agus 3);

(iv) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh oifig nó post mar a leanas:

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
Ombudsman;

Coimisinéir Cosanta Sonraí, an Coimisiún Cosanta Sonraí (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí;

Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach;

Coimisinéir Faisnéise;

Cláraitheoir na gCara-Chumann;

Ombudsman do Leanaí;

Cathaoirleach, Leaschathaoirleach na Cúirte Oibreachais nó gnáthchomhalta den Chúirt Oibreachais;

Comhalta den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí (seachas comhalta a shealbhaíonn oifig mar bhreitheamh de chuid aon chúirte);

Coimisinéir Teanga;

Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna;

Ombudsman d'Óghligh na hÉireann;

Ombudsman Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Comhalta den Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána;

An Coimisinéir Luachála;

Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil;

Binse Achomhairc de réir bhrí Chuid 3 d'Acht na bPríosún 2007 (Uimh. 10 de 2007);

Cláraitheoir na gCuideachtaí;

Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta na hÉireann (le héifeacht ón 11 Iúil 2013);

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta;

POF, Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Breithneoir Seachtrach, An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

(v) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh cibé oifig nó post eile a fhorordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

(vi) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post mar chomhairleoir speisialta (mar a mhínítear i gCuid 8).

Cuid 4: Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh - Ginearálta

18. Tá sé de cheangal ar dhuine lena mbaineann na treoirlínte seo ráiteas a thabhairt i scríbhinn maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) leasanna an duine, agus

(ii) leasanna a bhfuil eolas iarbhír ag an duine maidir leo, is é sin, leasanna a chéile nó a céile nó a pháirtneir nó a páirtnéir sibhialta nó leasanna de chuid linbh an duine nó de chuid leanbh a chéile nó a céile

ar leasanna iad a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine le linn feidhmeanna oifigiúla an duine a chomhlíonadh, nó i ndáil leis an gcomhlíonadh sin, de bharr go bhféadfadh an comhlíonadh sin fearadh ar na leasanna sin go feadh méid a thabharfadh tairbhe shubstaintiúil don duine nó don chéile nó don leanbh nó a choimeádfadh tairbhe shubstaintiúil siar ón duine nó ón gcéile nó ón bpáirtnéir sibhialta nó ón leanbh.
(Tá leaganacha éagsúla de na ráitis le fáil in Aguisín 1.)

19. Níl aon cheanglas dlíthiúil ann ráiteas a thabhairt i gcás nach bhféadfadh na leasanna tionchar ábhartha a imirt ar an duine le linn a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh, nó i ndáil leis an gcomhlíonadh sin.

20. Tá na leasanna dá dtagraítear thuas leagtha amach i mír 66. I gcás daoine ag a bhfuil poist ainmnithe sa státseirbhís, tugtar ráitis do Cheann na Roinne nó na hOifige lena mbaineann de ghnath. ***(Tugtar sonraí in Aguisín 3 faoi na daoine ar ceart do shealbhóirí stiúrthóirí ainmnithe agus do dhaoine ag a bhfuil***

poist ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí ainmnithe eile a thabhairt dóibh.)

21. I dteannta an ráitis leasanna dá dtagraítear i mír 18, tá sé de cheangal ar dhuine lena mbaineann na treoirlínte seo ráiteas a thabhairt, ag an am, i gcás ina mbíonn feidhm oifigiúil le comhlíonadh ag an duine agus go bhfuil eolas iarbhír ag an duine go bhfuil leas ábhartha aige nó aici, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm.

22. Tá nósanna imeachta éagsúla ann maidir le ráitis a thabhairt i gcás na n-earnálacha éagsúla atá liostaithe i mír 17. Dá réir sin, tá an nós imeachta do gach earnáil ar leith leagtha amach i gCuid 5.

23. Más rud é, maidir le duine lena mbaineann na treoirlínte seo, go bhfuil leas aige nó aici nach bhfuil leagtha amach i mír 66, nó go bhfuil eolas iarbhír ag an duine go bhfuil leas den sórt sin ag a chéile nó ag a céile nó ag a pháirtnéir nó a páirtnéir sibhialta nó ag leanbh de chuid an chéile, féadfaidh an duine, aon tráth, ráiteas faoin leas sin a thabhairt don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh. I gcás ina dtabharfar ráiteas den sórt sin, beidh feidhm ag Acht 1995 agus beidh éifeacht leis amhail is dá mba leas atá leagtha amach i mír 66 an leas.

24. Más rud é, maidir le duine lena mbaineann na treoirlínte seo, go bhfaighidh sé nó sí comhairle ón gCoimisiún um Chaighdeáin, nó más léir ó na treoirlínte atá foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, go bhfuil leas de chuid an duine, nó de chuid céile nó páirtnéir sibhialta nó leanbh an duine nó de chuid leanbh an chéile, ina leas in-nochta, ní mór don duine lena mbaineann, a

luaithe is féidir, ráiteas faoin leas sin a thabhairt don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh.

25. I gcás nach ndéanfaidh duine lena mbaineann na treoirlínte seo ceanglas a chomhlíonadh i dtaca le ráiteas leasanna a thabhairt, féadfaidh an duine, aon tráth, ráiteas faoi na leasanna a thabhairt i scríbhinn don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh.

26. I gcás ina dtagann athrú ar leasanna duine lena mbaineann na treoirlínte, nó ar leasanna chéile nó pháirtneir sibhialta an duine nó ar leasanna linbh dá chuid nó dá cuid nó ar leasanna leanbh an chéile, féadfaidh an duine, aon tráth, ráiteas faoin athrú a thabhairt i scríbhinn don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh.

Cuid 5: Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh - Sonrach

(i) AN tARD-AIGHNE

27. Mar Ard-Aighne tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú an oifig sin ar feadh aon chuid di ráiteas i scríbhinn maidir le do chuid leasanna mar a thuairiscítear i mír 18 a ullmhú agus a thabhairt don Taoiseach, agus don Choimisiún um Chaighdeáin, i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. **Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.** Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le cóip de do ráiteas ach sin faoi réir síniú bunaidh a fháil.

An Chéad Ráiteas

28. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna agus is ceart é a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

29. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

30. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain

sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt laistigh de 28 lá ón dáta a dtagann deireadh leis an gceapachán.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

31. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid na hoifige le comhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, san ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, roimh an gcomhlíonadh sin, nó a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na fíorais sin agus ar chineál an leasa a thabhairt i scríbhinn don Taoiseach agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 27.

32. Baineann comhlíonadh feidhme le comhlíonadh agat féin go pearsanta nó ag duine eile ar ordú uaitse nó ar ordú ó dhuine eile atá ag gníomhú thar do cheann agus eolas pearsanta agatsa ina leith sin.

(ii) STIÚRTHÓIRÍ AINMNITHE

33. Tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí ar feadh aon chuid di, faoi mar a fhorordaítear le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ráiteas i scríbhinn ar do leasanna, mar a thuairiscítear i mír 18, a ullmhú i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus do cibé oifigeach de chuid an chomhlachta a chinnfidh an

tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. **Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.** Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le cóip de do ráiteas ach sin faoi réir síniú bunaidh a fháil.

An Chéad Ráiteas

34. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Má forordaíodh an stiúrthóireacht ainmnithe atá agat tar éis 1 Eanáir in aon bhliain ar bith, ba chóir go gclúdódh do chéad ráiteas an tréimhse ón dáta ar ar forordaíodh an stiúrthóireacht (nó dáta do cheapacháin má bhí sin níos déanaí ná an dáta sin) chomh fada le 31 Nollaig den bhliain chéanna. Ba chóir don ráiteas a bheith curtha ar fáil agat tráth nach déanaí ná 31 Eanáir sa bhliain dar gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

35. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

36. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar

tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Raiteas maidir le Leas Ábhartha

37. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid na stiúrthóireachta, nó feidhm de chuid aon oifige nó poist eile a shealbhaíonn tú sa chomhlacht poiblí, le comhlíonadh agat agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt do stiúrthóirí eile an chomhlachta. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt do na stiúrthóirí eile agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 33.

38. Measfar go bhfolaíonn na téarmaí ar fúthu a shealbhaíonn tú nó a shealbhaigh tú an stiúrthóireacht ainmnithe téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo.

Nóta: Más rud é go sealbhaíonn tú níos mó ná stiúrthóireacht ainmnithe amháin nó go sealbhaíonn tú post fostaíochta de bhreis ar stiúrthóireacht ainmnithe a shealbhú, ceanglaítear ort ráiteas maidir le leasanna a thabhairt, mar a mhínítear i mír 18, is é sin le rá ráiteas ar leithligh i leith gach stiúrthóireachta

ainmnithe nó poist ainmnithe a shealbhaítear.

(iii) POIST AINMNITHE

39. Tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú post ainmnithe fostaíochta ar feadh aon chuid di i gcomhlacht poiblí arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ráiteas i scríbhinn ar do leasanna, mar a thuairiscítear i mír 18, a ullmhú i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don údarás iomchuí arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. **Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.**

<u>An Chéad Ráiteas</u>

40. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Má forordaíodh an post ainmnithe fostaíochta atá agat tar éis 1 Eanáir in aon bhliain ar bith, ba chóir go gclúdódh do chéad ráiteas an tréimhse ón dáta ar ar forordaíodh an post (nó dáta do cheapacháin má bhí sin níos déanaí ná an dáta sin) chomh fada le 31 Nollaig den bhliain chéanna. Ba chóir don ráiteas a bheith curtha ar fáil agat tráth nach déanaí ná 31 Eanáir sa bhliain dar gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

41. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

42. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

43. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid an phoist le comhlíonadh agat agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 39.

44. Measfar go bhfolaíonn na téarmaí ar fúthu a shealbhaíonn tú nó a shealbhaigh tú an post ainmnithe téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo.

Nóta: Más rud é go sealbhaíonn tú níos mó ná post ainmnithe fostaíochta amháin nó go sealbhaíonn tú stiúrthóireacht ainmnithe amháin nó níos mó de bhreis ar phost ainmnithe amháin nó níos mó a shealbhú, ceanglaítear ort ráiteas maidir le leasanna a thabhairt, mar a mhínítear i mír 18, is é sin le rá ráiteas ar leithligh i leith gach stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe a shealbhaítear.

(iv) SEALBHÓIRÍ OIFIGÍ AGUS POIST ÁIRITHE ARNA bhFORORDÚ MAR PHOIST AINMNITHE FAOI ALT 18(3) D'ACHT 1995

45. Tá sé de cheangal ort gach bliain ar ina leith, nó i leith aon chuid di, a shealbhaigh tú, nó a raibh agat, aon cheann de na hoifigí ainmnithe nó de na poist ainmnithe, mar atá leagtha amach sa tábla thíos ráiteas a ullmhú agus a thabhairt i scríbhinn maidir le do chuid leasanna, arna dtuairisciú i mír 18, agus an méid sin a dhéanamh i bhfoirm arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don údarás iomchuí arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an t-údarás iomchuí maidir le gach ceann de na hoifigí ainmnithe agus de na poist ainmnithe leagtha amach sa tábla freisin. **Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.**

	Oifig nó Post Forordaithe	**Údarás Iomchuí**
(i)	Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(ii)	Ombudsman	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(iii)	Coimisinéir Cosanta Sonraí, an Coimisúin Cosanta Sonraí (le héifeacht ón 21 Samhain 2018)	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(iv)	Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí	Ard-Aighne
(v)	Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(vi)	Coimisinéir Faisnéise	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(vii)	Cláraitheoir na gCara-Chumann	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(viii)	Ombudsman do Leanaí	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(ix)	Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(x)	Leas-Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(xi)	Gnáthchomhalta den Chúirt Oibreachais	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(xii)	Comhalta den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí	Ceannasaí Riaracháin, an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí
(xiii)	Coimisinéir Teanga	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(xiv)	Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(xv)	Ombudsman d'Óghlaigh na hÉireann	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(xvi)	Ombudsman Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean (le héifeacht ón 21 Samhain 2018)	Cathaoirleach, Comhairle Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean
(xvii)	Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean (le héifeacht ón 21 Samhain 2018)	Ombudsman Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean
(xviii)	Comhalta den Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	Ard-Rúnaí don Rialtas
(xix)	An Coimisinéir Luachála	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

	Oifig nó Post Forordaithe	**Údarás Iomchuí**
(xx)	Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(xxi)	Binse Achomhairc de réir bhrí Chuid 3 d'Acht na bPríosún 2007 (Uimh. 10 de 2007);	Ard-Stiúrthóir ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
(xxii)	Cláraitheoir na gCuideachtaí	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
(xxiii)	Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta na hÉireann (le héifeacht ón 11 Iúil 2013)	Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
(xxiv)	Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (le héifeacht ón 29 Eanáir 2015)	Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(xxv)	POF, Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (le héifeacht ón 21 Samhain 2018)	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
(xxvi)	Breithneoir Seachtrach, An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (le héifeacht ón 21 Samhain 2018)	Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

<u>An Chéad Ráiteas</u>

46. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí sin, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Má forordaíodh an post ainmnithe atá agat tar éis 1 Eanáir in aon bhliain ar bith, ba chóir go gclúdódh do chéad ráiteas an tréimhse ón dáta ar ar forordaíodh an post (nó dáta do cheapacháin má bhí sin níos déanaí ná an dáta sin) chomh fada le 31 Nollaig den bhliain chéanna. Ba chóir don ráiteas a bheith curtha ar fáil agat tráth nach déanaí ná 31 Eanáir sa bhliain dar gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

47. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

48. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

49. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid na hoifige nó an phoist le comhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, san ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 45.

50. I gcás na bpost ainmnithe atá liostaithe ag (v) go (xx) sa tábla i mír 45, measfar, maidir leis na téarmaí fostaíochta ar fúthu a shealbhaíonn tú nó a shealbhaigh tú an post ainmnithe, go n-áirítear iontu téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo.

Nóta: Más rud é go sealbhaíonn tú níos mó ná post ainmnithe fostaíochta amháin nó go sealbhaíonn tú stiúrthóireacht ainmnithe amháin nó níos mó de bhreis ar phost ainmnithe amháin nó níos mó a shealbhú, ceanglaítear ort ráiteas maidir le leasanna a thabhairt, mar a mhínítear i mír 18, is é sin le rá ráiteas ar leithligh i leith gach stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe a shealbhaítear.

(v) COMHAIRLEOIRÍ SPEISIALTA

51. Tá míniú ar cad is brí leis an téarma "comhairleoir speisialta" le fáil i gCuid 8.

52. Tagann deireadh le tréimhse fostaíochta nó le conradh comhairleora speisialta tráth nach déanaí ná an dáta a scoireann an sealbhóir oifige a dhéanann an ceapachán de shealbhú na hoifige ar faoina treoir is sealbhóir oifige é nó í. I gcás comhairleora speisialta d'Aire den Rialtas arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas faoi fhorálacha Alt 11(1) den Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997, tagann deireadh leis an tréimhse fostaíochta nó le tréimhse an chonartha ar an dáta a scoireann an tAire de bheith ag sealbhú na hoifige ar faoina treoir atá sé nó sí ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige (i.e. ní faoi threoir athrú ar an Roinn dá sanntar an tAire). I gcás comhairleora speisialta arna cheapadh nó arna ceapadh ag an

Rialtas faoi fhorálacha Alt 11(1) den Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997 chuig Aire Stáit arna shannadh nó arna sannadh chuig Roinn/Oifig, tagann deireadh leis an tréimhse fostaíochta nó le tréimhse an chonartha nuair a thagann deireadh le sannadh an Aire Stáit chuig an Roinn/Oifig sin (cibé acu trí cheapachán mar Aire den Rialtas, trí shannadh chuig Roinn/Oifig eile, trí éirí as oifig, nó ar shlí eile thairis sin).

53. Baineann ceanglais na nAchtanna um Eitic, maidir le leasanna a nochtadh, mar atá leagtha amach i míreanna 54 go 58 thíos, le haon chomhairleoir speisialta a dtéann a luach saothair os cionn shuim an tuarastail ag an dara pointe incriminte fadseirbhíse ar scála an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin (ranníocaíocht phinsin neamhphearsanta) sa Státseirbhís, i.e. €58,556 ó 1 Meán Fómhair 2018.

54. Tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú post mar chomhairleoir speisialta ar feadh aon chuid di ráiteas i scríbhinn ar do leasanna, mar a thuairiscítear i mír 18, a ullmhú i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiritheagus a thabhairt don sealbhóir oifige lena mbaineann agus don Choimisiún um Chaighdeáin. **Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.** Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le cóip de do ráiteas ach sin faoi réir síniú bunaidh a fháil.

<u>An Chéad Ráiteas</u>

55. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí

an 31 Nollaig an bhliain chéanna agus is ceart é a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

56. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

57. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt laistigh de 28 lá ón dáta a dtagann deireadh leis an gceapachán.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

58. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid an phoist le comhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i

scríbhinn agus a thabhairt don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 54.

59. Ceanglaítear gur ceart don sealbhóir oifige a ngníomhaíonn tú, nó ar ghníomhaigh tú, thar a cheann nó thar a ceann na doiciméid seo a leanas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas:

(i) cóip den chonradh, nó ráiteas i scríbhinn ar na téarmaí agus ar na coinníollacha, ar faoi nó ar fúthu a ghníomhaíonn tú nó a ghníomhaigh tú mar chomhairleoir speisialta,

(ii) cóip de do ráiteas leasanna féin (ní ráiteas leasanna céile nó páirtnéir sibhialta nó leanaí) a thug tú don sealbhóir oifige,

(iii) ráiteas maidir le cibé an bhfuil tú ina comhpháirtí gaoil nó páirtnéir sibhialta de chuid an tsealbhóra oifige agus

(iv) ráiteas ar na cáilíochtaí atá agat a bhaineann le do chuid feidhmeanna mar chomhairleoir speisialta.

60. Tá sé de cheangal ort gealltanas a thabhairt nach ngabhfaidh tú d'aon cheird, gairm nó slí bheatha eile a bhféadfaí a rá le réasún ina leith gurbh fhéidir léi cur isteach ar ról comhairleora speisialta nó a bheith ar neamhréir le ról comhairleora speisialta.

61. Measfar, maidir leis na téarmaí ar fúthu (a) a shealbhaíonn tú an post lena mbaineann alt 7(1)(e) den Acht um Bainistíocht na

Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, (b) atá tú ar fostú faoin gconradh le haghaidh seirbhísí lena mbaineann nó (c) a cheap a Rialtas thú faoi fhorálacha Alt 11(1) den Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997, go n-áirítear iontu téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo agus go dtagann deireadh le do cheapachán de réir na bhforálacha atá leagtha amach i mír 52 thuas.

Cuid 6: Ceanglais i ndáil le hImréiteach Cánach

62. Maidir le duine a cheaptar mar Ard-Aighne nó a cheaptar chuig oifig shinsearach [i.e. post ainmnithe nó stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí arna fhorordú faoi Acht 1995, ar post é nó stiúrthóireacht í nach lú an luach saothair ina leith ná an luach saothair is ísle do LeasArd-Rúnaí sa státseirbhís (€171,263 le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2019) tá sé d'oibleagáid air nó uirthi na ceanglais atá leagtha amach anseo thíos a bhaineann le himréiteach cánach a chomhlíonadh. Níl aon ríachtanas ar comhairleoirí speisialta na hoibleagáidí seo a comhlíonadh. Tá feidhm ag na ceanglais maidir le daoine a ceapadh d'oifig shinsearach sa chás amháin go bhfuil an stiúrthóireacht nó post ina stiúrthóireacht ainmnithe nó post ainmnithe ag am an ceapachán.

Le mír 5 de I.R. 699 de 2004, inter alia, forordaítear mar phost ainmnithe gach post ar ina leith nach bhfuil an tuarastal uasta níos lú ná an tuarastal uasta atá ag príomhoifigeach (grád seirbhíse ginearálta, Aicme B ÁSPC) sa Státseirbhís, ar post é in aon chomhlacht poiblí a gcomhlíontar na critéir seo a leanas ina leith:

- comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bunaíodh

  (a) le haon achtachán nó faoi aon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990), nó

  (b) faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go

páirteach le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó trí scaireanna a shealbhaíonn Aire den Rialtas, nó a shealbhaítear thar ceann Aire den Rialtas, a eisiúint, nó

- cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) ar ina leith a shealbhaíonn Aire den Rialtas tromlach a scaireanna nó a shealbhaítear tromlach a scaireanna thar ceann Aire den Rialtas, nó

- aon chomhlacht, eagraíocht nó grúpa eile atá ceaptha ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas.

Dá réir sin, tá feidhm ag na socruithe imréitigh cánach atá leagtha amach thíos maidir le haon duine a cheaptar, ar an 1 Eanáir 2005 nó dá eis, chuig post fostaíochta in aon chomhlacht poiblí a gcomhlíontar na critéir thuas ina leith (bíodh an comhlacht poiblí liostaithe sna Sceidil a ghabhann le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Airgeadais ó 2004 ina bhfuil stiúrthóireachtaí ainmnithe nó poist ainmnithe fostaíochta forordaithe) ar post é nach bhfuil an luach saothair ina leith níos lú ná an luach saothair is ísle atá ag Leas-Ardrúnaí sa Státseirbhís.

Ní mór do dhuine a cheaptar chuig oifig shinsearach de réir an méid sin thuas an t-abhar seo a leanas a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin **tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis dháta an cheapacháin**:

- Deimhniú Imréitigh Cánach a eiseoidh an tArd-Bhailitheoir, ar é a iarraidh, i gcás ina gcomhlíonann duine

atá le ceapadh na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis na hAchtanna Cánach Ioncaim, leis an Acht um Cháin Fháltas Caipitiúil 1976, arna leasú, leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus leis an Acht Cánach Breisluacha 1972, arna leasú, (na hAchtanna), i ndáil le híoc nó tarchur aon chánacha, ús nó pionóis atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim agus i ndáil le seachadadh aon tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt. I dtaca leis an Deimhniú Imréitigh Cánach de, ní mór é a bheith eisithe ag an Ard-Bhailitheoir laistigh de thréimhse 9 mí roimh dháta an cheapacháin nó laistigh de thréimhse 9 mí dá éis sin **nó**

- Ráiteas Iarratais a eisíonn an tArd-Bhailitheoir, ar é a iarraidh, á rá go bhfuil iarratas déanta ag an duine ar Dheimhniú Imréitigh Cánach agus nach ndearnadh aon chinneadh ar an iarratas. Dhéanfadh an tArd-Bhailitheoir Ráiteas Iarratais a eisiúint i gcás nach bhfuil cinneadh déanta fós i dtaobh Deimhniú Imréitigh Cánach a eisiúint nó a dhiúltú, nó i gcás inar diúltaíodh d'iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach agus go raibh an diúltú ina ábhar achomhairc nó ina ábhar achomhairc breise a bhfuiltear ag fanacht le cinneadh ina leith. Ní mór Ráiteas Iarratais a eisíodh chuig an duine agus a rinneadh laistigh de thréimhse 9 mí roimh dháta an cheapacháin nó laistigh de thréimhse 9 mí tar éis dháta an cheapacháin a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 9 mí tar éis dháta an cheapacháin, **agus**

- Dearbhú Reachtúil, arb é atá ann ná dearbhú a dhéanann an duine atá le ceapadh agus a dhéantar de réir an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938, arna leasú, á fhianú

go bhfuil an duine atá le ceapadh, tráth déanta an dearbhaithe, de réir mar is fearr is eol dó nó di nó mar a chreideann sé nó sí, ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear air nó uirthi leis na hAchtanna dá dtagraítear thuas agus nach eol dó nó di go bhfuil aon chosc ann maidir le heisiúint Deimhnithe Imréitigh Cánach. Ní mór an Dearbhú Reachtúil a dhéanamh tráth nach faide ná mí amháin roimh dháta an cheapacháin nó tar éis dháta an cheapacháin.

Mar shampla, ní mór do dhuine a cheaptar chuig oifig sinsearach ar an **1 Márta 2013**:

(a) dearbhú reachtúil a dhéanamh tráth nach luaithe ná an **2 Feabhra 2013** agus tráth nach déanaí ná an **31 Márta 2013** agus

(b) (i) an dearbhú reachtúil sin, agus

(ii) deimhniú Imréitigh Cánach (arna eisiúint tráth nach luaithe ná an **2 Meitheamh 2012** agus tráth nach déanaí ná an **30 Samhain 2013**) nó Ráiteas Iarratais (arna dhéanamh tráth nach luaithe ná an **2 Meitheamh 2012** agus tráth nach déanaí ná an **30 Samhain 2013**) a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin tráth nach déanaí ná an **30 Samhain 2013**.

63. Má sháraítear na ceanglais thuas féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh agus tarraingeofar suas

tuarascáil scríofa ar thoradh an imscrúdaithe. I gcás Ard-Aighne, tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóip den tuarascáil don Taoiseach agus cuirfidh an Taoiseach faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. I gcás duine a cheaptar chuig oifig shinsearach, tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóip den tuarascáil don chomhlacht poiblí lena mbaineann agus cuirfidh sé faoi deara cóipeanna den tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí.

64. I gcás ina ndéanfaidh Ard-Aighne nó duine a cheaptar chuig oifig shinsearach na ceanglais thuas a shárú, ní mór dó nó di Deimhniú Imréitigh Cánach agus/nó Dearbhú Reachtúil a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin a luaithe is féidir agus, ar aon chor, laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear Deimhniú Imréitigh Cánach nó a dhéantar Dearbhú Reachtúil de réir mar a bheidh.

65. I gcás nach mbeidh na ceanglais thuas comhlíonta ag Ard-Aighne nó ag duine a cheaptar chuig oifig shinsearach faoin am atá Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí don bhliain atá i dtrácht, nó aon tuarascáil den sórt sin dá éis sin, á hullmhú, déanfaidh an Coimisiún, i gcás Ard-Aighne, an neamhchomhlíonadh a shonrú sa tuarascáil agus, i gcás duine a cheaptar chuig oifig shinsearach, an neamhchomhlíonadh a chur in iúl do cheann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann. Nuair atá comhlíonadh curtha i gcrích, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, i gcás Ard-Aighne, fógra ina leith sin a chur in iúl don Taoiseach agus cuirfidh an Taoiseach faoi deara cóipeanna den fhógra a leagan faoi bhráid na dTithe agus, i gcás duine a cheaptar chuig oifig shinsearach, an méid sin a chur in iúl do cheann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann.

Cuid 7: Leasanna In-Nochta faoi na hAchtanna um Eitic

66. Is iad seo a leanas na leasanna dá dtagraítear i mír 18 agus is iad na leasanna iad a shonraítear sa Dara Sceideal d'Acht 1995. Is ceart a thabhairt do d'aire nach gá méid nó luach airgid aon leasa nó an luach saothair ó aon cheird, gairm, fostaíocht nó slí bheatha eile a chuirtear san áireamh i ráiteas a shonrú sa ráiteas. Ciallaíonn tagairt sa mhír seo do "i rith na tréimhse iomchuí" i rith na tréimhse atá le bheith clúdaithe leis an ráiteas leasanna.

(a) Ioncam ó Shlí Bheatha, etc.

Ceird, gairm, fostaíocht nó slí bheatha eile (seachas an ceann sin a shonraítear i mír 17) atá ag an duine lena mbaineann aon tráth i rith na tréimhse iomchuí i gcás an luach saothair a fuair an duine e.g. pá, pinsean, sochair chomhchineáil, ioncam ó chíosanna etc. a bheith os cionn €2,600 i rith na tréimhse.

(b) Scaireanna, etc.

Sealbhán scaireanna, bannaí, bintiúr nó infheistíochtaí eile den tsamhail chéanna atá ag an duine in aon chuideachta áirithe nó in aon fhiontar nó gnóthas eile, i gcás inar mó luach ainmniúil comhiomlán nó luach margaidh comhiomlán an tsealbháin sin ná €13,000 aon tráth i rith na tréimhse iomchuí. Ní fholaíonn sealbhán airgead I gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó i gcuntas eile den tsamhail chéanna le foras airgeadais ach folaíonn sé sealbhán in iontaobhais aonaid nó i gcistí bainistithe.

(c) Stiúrthóireachtaí

Stiúrthóireacht nó cúlstiúrthóireacht atá ag an duine lena mbaineann in aon chuideachta aon tráth i rith na tréimhse iomchuí.

(d) Talamh (lena n-áirítear áitreabh)

Aon leas atá ag an duine lena mbaineann i dtalamh, lena n-áirítear talamh sa Stát agus talamh in aon dlínse eile, ar leas é ar mó a luach ná €13,000 aon tráth i rith na tréimhse iomchuí. Áirítear anseo leas in aon chonradh chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil éarlais nó páirtíocaíocht tugtha faoin gconradh. Folaíonn sé freisin leas in aon rogha a shealbhaítear chun talamh a cheannach cibé acu atá nó nach bhfuil aon chomaoin íoctha ina leith nó i dtalamh ar ina leith a feidhmíodh rogha den sórt sin ach nár tíolacadh í.

Ní cheanglaítear ar dhuine, faoin gceannteideal seo, faisnéis a nochtadh maidir lena theach cónaithe príobháideach nó maidir lena teach cónaithe príobháideach nó maidir le teach cónaithe príobháideach de chuid céile nó páirtnéir sibhialta nó maidir le haon talamh fhoghabhálach nó choimhdeach a ghabhann leis an teach cónaithe sin agus nach bhfuil á húsáid nó á forbairt go príomha chun críocha tráchtála. Eisiatar freisin teach saoire nó aon teach príobháideach eile a úsáideann an duine nó a theaghlach nó a teaghlach agus aon talamh fhoghabhálach nó choimhdeach a ghabhann leis agus a bhfuil gá léi maidir lena thaitneamhacht nó maidir lena chaoithiúlacht agus nach bhfuil á húsáid nó á forbairt go príomha chun críocha tráchtála.

(e) Bronntanais

Bronntanas, nó bronntanais, ón duine céanna a thugtar don duine lena mbaineann i rith na tréimhse iomchuí i gcás inar mó an luach, nó an luach comhiomlán, ná €650.

Eisiatar ón gceanglas seo bronntanas a thugann gaol nó cara leis an duine nó lena chéile nó lena céile nó lena pháirtnéir nó páirtnéir sibhialta nó le leanbh de chuid an chéile nó pháirtnéir sibhialta (agus is é atá i leanbh ná mac nó iníon d'aon aois) don duine ar chúiseanna pearsanta amháin, mura rud é go bhféadfadh glacadh an bhronntanais tionchar ábhartha a imirt ar an duine le linn a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh.

(f) Maoin agus Seirbhísí

Maoin a sholáthraítear nó a thugtar ar iasacht nó seirbhís a sholáthraítear don duine lena mbaineann uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna i rith na tréimhse iomchuí i gcás ina bhfuil an chomaoin nó an praghas níos lú ná an chomaoin nó an praghas tráchtála de mhéid is mó ná €650. Áirítear anseo freisin maoin a thugtar ar iasacht nó seirbhís a sholáthraítear saor in aisce i gcás ina mbeadh an chomaoin nó an praghas tráchtála níos mó ná €650.

Eisiatar maoin a sholáthraítear nó a thugtar ar iasacht don duine mar bhronntanas, ar chúiseanna pearsanta amháin, ag gaol nó cara leis an duine nó lena chéile nó lena céile nó lena pháirtnéir nó páirtnéir sibhialta nó le leanbh an chéile nó páirtnéir sibhialta, mura rud é go bhféadfadh glacadh an bhronntanais tionchar ábhartha a imirt ar an duine le linn a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh.

Má bhaineann seirbhísí a nochtar le seirbhísí dlí nó le seirbhísí liachta (lena n-áirítear seirbhísí síciatracha nó síceolaíochta) is leor a lua gur soláthraíodh na seirbhísí. Ní bheidh aon sonraí eile ag teastáil.

(g) Saoráidí taistil, etc.

Saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear don duine lena mbaineann i rith na tréimhse iomchuí saor in aisce nó ar phraghas atá níos lú ná an praghas tráchtála.

Eisiatar na nithe seo a leanas:

- *saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a sholáthraíonn an duine céanna, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, saor in aisce i rith na tréimhse iomchuí i gcás an praghas tráchtála nó comhiomlán na bpraghsanna tráchtála a bheith níos lú ná €650, nó i gcás an praghas a íocadh a bheith níos lú ná an praghas tráchtála de mhéid nach mó ná €650;*

- saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear:

(i) laistigh den Stát,
(ii) i gcúrsa agus chun críche feidhmeanna oifigiúla an duine a chomhlíonadh, nó
(iii) i gcúrsa agus chun críche aon cheirde, gairme, fostaíochta nó slí beatha eile atá ag an duine;

- *saoráidí taistil, cóiríocht chónaithe, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear mar bhronntanas ar chúiseanna pearsanta ag gaol nó cara leis an duine nó lena chéile nó lena céile nó lena pháirtnéir nó páirtnéir sibhialta nó lena leanbh nó le leanbh an chéile nó páirtnéir sibhialta, mura rud é go bhféadfaí a rá le réasún i leith ghlacadh an bhronntanais go bhféadfadh sé tionchar a imirt ar an duine le linn a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh.*

(h) Post ar Luach Saothair

Post ar luach saothair a shealbhaíonn an duine lena mbaineann mar stocaire polaitíochta nó gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir i rith na tréimhse iomchuí.

(i) Conarthaí

Aon chonradh nó conarthaí chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí i rith na tréimhse iomchuí, ar conradh é nó ar conarthaí iad a raibh an duine lena mbaineann ina pháirtí nó ina páirtí ann nó iontu nó ina raibh leas aige nó aici in aon slí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, más rud é go raibh luach comhiomlán na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí i rith na tréimhse iomchuí níos mó ná €6,500.

Cuid 8: Mínithe

Sa liosta anseo thíos tugtar roinnt mínithe as alt 2 d'Acht 1995 arna leasú le hAcht 2001. D'fhéadfadh sé gur mhian le daoine lena mbaineann na treoirlínte seo na forálacha sin a léamh chun liosta mínithe níos cuimsithí a fháil. Tugtar an míniú ar "cúlstiúrthóireacht" sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1995.

ciallaíonn **"eolas iarbhír"** eolas iarbhír, díreach agus pearsanta ar leithligh ó eolas inchiallaithe, intuigthe nó líomhnaithe agus folaíonn sé, i ndáil le fíoras, creidiúint go bhfuil sé ar marthain agus go bhfuil na forais ina leith de chineál a fhágann nach bhféadfadh duine réasúnach arb eol dó nó di iad a bheith ann a bheith in amhras, nó nach bhféadfadh sé nó sí a dhíchreidiúint, go bhfuil an fíoras ar marthain;

folaíonn **"tairbhe"**-

(a) ceart, pribhléid, oifig nó gradam agus aon staonadh ó airgead ó luach airgid nó rud luachmhar a éileamh,

(b) aon chúnamh, vóta, toiliú nó tionchar nó iarracht de chúnamh, vóta, toiliú nó tionchar,

(c) aon ghealltanas chun aon bhronntanas, iasacht, táille, luaíocht nó rud eile réamhráite a thabhairt nó aon ní den sórt sin a fháil, nó aon chomhaontú nó iarracht i leith aon ní den sórt sin a fháil, nó a thabhairt le fios go bhféadfar a bheith ag súil go bhfaighfear aon ní den sórt sin,

nó buntáiste eile agus seachaint caillteanais, dliteanais, pionóis, forghéilleadh, pionósú nó míbhuntáiste eile;

"ciallaíonn **'páirtnéir sibhialta'** i ndáil le duine, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus

Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 ach ní fholaíonn sé páirtnéir sibhialta atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh ón duine agus scartha uaidh nó uaithi;"
["Chun críocha an Achta seo, is páirtnéir sibhialta ceachtar de bheirt den ghnéas céanna (a) ar páirtithe iad i gclárúchán páirtnéireachta sibhialta nár scaoileadh nó nach ábhar d'fhoraithne neamhnithe, nó (b) ar páirtithe iad I gcaidreamh dlíthiúil d'aicme is ábhar d'ordú arna dhéanamh faoi alt 5 agus nár scaoileadh nó nach ábhar d'fhoraithne neamhnithe". *alt 3, Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010*]

ciallaíonn **"praghas tráchtála"**, i ndáil le maoin a sholáthar, cibé acu maoin réadach nó maoin phearsanta, nó i ndáil le soláthar seirbhíse, agus ciallaíonn **"comaoin tráchtála "**, i ndáil le maoin a thabhairt ar iasacht -

(a) más rud é, maidir leis an duine a sholáthraíonn an mhaoin, nó a thugann an mhaoin ar iasacht, nó a sholáthraíonn an tseirbhís, go seolann sé nó sí gnó arb é atá ann go hiomlán nó go páirteach maoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís a sholáthar, an praghas nó an chomaoin is ísle a ghearrann sé nó sí ar an soláthar nó ar an iasacht a thabhairt i ngnáthchúrsa gnó i gcás méid coibhéiseach maoine den chineál céanna nó soláthar seirbhíse den chineál céanna agus go feadh an méid céanna a bheith i gceist (agus lamháltas a dhéanamh maidir le haon lacáiste a thugann sé nó sí de ghnáth i leith maoin den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó i leith seirbhís den chineál céanna a sholáthar) an tráth, nó thart ar an tráth, a tharlaíonn an soláthar céadluaite nó an iasacht maoine chéadluaite nó an soláthar seirbhíse céadluaite, agus

(b) más rud é, maidir leis an duine a sholáthraíonn an mhaoin, nó a thugann an mhaoin ar iasacht nó a sholáthraíonn an tseirbhís, nach seolann sé nó sí gnó arb é atá ann go hiomlán nó go páirteach maoin a sholáthar nó maoin a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a sholáthar, an praghas nó an chomaoin is ísle ar a bhféadtar méid coibhéiseach maoine den chineál céanna a cheannach nó a ghlacadh ar iasacht nó ar a bhféadtar seirbhís den chineál céanna agus go feadh an méid céanna a fháil i ngnáthchúrsa gnó (agus lamháltas a dhéanamh maidir le haon lacáiste a thugtar de ghnáth i leith maoin den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó i leith seirbhís den chineál céanna a sholáthar) an tráth, nó thart ar an tráth, a tharlaíonn an soláthar céadluaite nó an iasacht maoine chéadluaite nó an soláthar seirbhíse céadluaite ó dhuine a sheolann gnó den sórt sin;

is é an bhrí a bhí le **"an Coimisiún"**, i leith na tréimhse ó 22 Iúil 1995 go 9 Nollaig 2001, ná an Coimisiún um Oifigí Poiblí. Le héifeacht ó 10 Nollaig 2001, ciallaíonn sé an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;

ciallaíonn **"an Coiste"**, i ndáil le Dáil Éireann nó le comhaltaí de Dháil Éireann, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann arna cheapadh faoi Alt 8 d'Acht 1995. Ciallaíonn sé, i ndáil le Seanad Éireann, nó comhaltaí de Sheanad Éireann, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann arna cheapadh faoi Alt 8 d'Acht 1995 agus ciallaíonn "Coiste", de réir mar a éileoidh an comhthéacs, gach ceann de na coistí sin nó ceachtar acu;

ciallaíonn **"cuideachta"** aon chomhlacht corpraithe;

"**duine bainteach**", déanfar aon cheist i dtaobh duine a bheith bainteach le duine eile a chinneadh de réir na bhforálacha seo a leanas (agus glacfar leis freisin gurb é a chiallaíonn duine amháin a bheith bainteach le duine eile ná go bhfuil an duine eile sin bainteach leis an duine céadluaite):

(i) tá duine bainteach le pearsa aonair más gaol de chuid na pearsan aonair an duine sin,

(ii) maidir le duine ina cháil nó ina cáil mar iontaobhaí de chuid iontaobhais, tá sé nó sí bainteach le pearsa aonair atá ina thairbhí nó ina tairbhí de chuid an iontaobhais nó a bhfuil aon leanbh dá chuid nó dá cuid ina thairbhí nó ina tairbhí de chuid an iontaobhais nó ar ina leith atá aon chomhlacht corpraithe a rialaíonn sé nó sí ina thairbhí de chuid an iontaobhais,

(iii) tá duine bainteach le haon duine a bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht leis nó léi,

(iv) tá cuideachta bainteach le duine eile má tá rialú ag an duine sin uirthi nó má tá rialú ag an duine sin agus ag daoine atá bainteach leis an duine sin uirthi le chéile,

(v) maidir le haon bheirt duine nó níos mó atá ag gníomhú le chéile chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar chuideachta, déileálfar leo, i ndáil leis an gcuideachta sin, amhail is dá mbeidís bainteach lena chéile agus le haon duine atá ag gníomhú de réir treoracha ó aon duine acu chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar an gcuideachta;

D'fhonn nithe a bhaineann le heitic agus agus le heasaontachtaí leasanna faoi aon riail dlí nó aon achtachán a chinneadh—

(a) maidir le duine, aon tagairt do "duine bainteach" nó do "gaol bainteach" leis an duine sin, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn páirtnéir sibhialta an duine agus leanbh pháirtnéir

sibhialta an duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi leis an duine agus leis an bpáirtnéir sibhialta, agus

(b) aon dearbhú nach mór a dhéanamh i ndáil le céile duine, déanfar é i ndáil le páirtnéir sibhialta duine freisin. *Alt 97(1) Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

tá le **"rialú"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 157 den Acht Cánach Corparáide 1976, mar atá leasaithe, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn **"stiúrthóireacht ainmnithe"**, i ndáil le comhlacht poiblí, stiúrthóireacht fhorordaithe de chuid an chomhlachta sin;

ciallaíonn **"post ainmnithe"**, i ndáil le comhlacht poiblí, post forordaithe fostaíochta sa chomhlacht sin;

ciallaíonn **"stiúrthóir"** stiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, ach i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus atá sonraithe i bhfomhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fhomhír (13), de mhír 1 den Chéad Sceideal, folaíonn sé duine is comhalta den chomhlacht poiblí nó is comhalta d'aon bhord nó comhlacht eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann é, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá reir sin;

folaíonn **"feidhmeanna"** cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas, agus i ndáil le sealbhóir oifige, folaíonn sé feidhmeanna arna

dtabhairt dó nó di ag an Rialtas nó de bhun cinnidh ón Rialtas agus feidhmeanna de chuid an tsealbhóra oifige mar chomhalta den Rialtas;

ciallaíonn **"bronntanas"** bronntanas airgid nó maoine eile, gan síntiús (de réir bhrí an Achta Toghcháin 1997) a chur san áireamh;

ciallaíonn **"Teach"** Teach den Oireachtas agus, i ndáil le duine is sealbhóir oifige nó is comhalta, ciallaíonn sé an Teach den Oireachtas ar comhalta de é nó í, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn **"leas"** leas a shonráitear sa Daire Sceideal (d'Acht 1995);

folaíonn **"tabhairt ar iasacht"** léasú nó ligean ar cíos agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

"leas ábhartha", tá leas ábhartha ag duine nó ag duine bainteach in ábhar más rud é gurb é is iarmhairt nó éifeacht

(a) do chomhlíonadh feidhm de chuid a oifige nó a hoifige, a stiúrthóireachta, a phoist nó a poist ainmnithe, nó a phoist nó a poist mar chomhairleoir speisialta, de réir mar a bheidh, ag an duine, nó

(b) d'aon chinneadh a dhéantar i ndáil le comhlíonadh feidhm den sórt sin ag an duine, nó i gcúrsa nó de bharr chomhlíonadh feidhm den sórt sin ag an duine,

i dtaca leis an ábhar sin ná go bhféadfadh sé tarlú go dtabharfar tairbhe shuntasach don duine nó don duine bainteach, nó go gcoimeádfar tairbhe shuntasach siar uaidh nó uaithi, nó go bhforchuirfear caillteanas, dliteanas, pionós, forghéilleadh nó pionósú suntasach nó

míbhuntáiste suntasach eile ar an duine gan é nó í a thabhairt freisin do dhaoine i gcoitinne nó d'aicme daoine de mhéid shuntasach, ag féachaint do na himthosca go léir, agus ar comhalta di an duine bainteach, nó gan é nó í a choimeád siar uaidh nó uaithi nó a fhorchur air nó uirthi;

ciallaíonn **"forordaithe"** forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn **"maoin"** maoin réadach nó maoin phearsanta. Measfar leas ábhartha a bheith ag duine i maoin más rud é go measfaí, chun críocha an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, cumhacht a bheith ag an duine chun an leas sin a dhiúscairt;

ciallaíonn **"dáta cláraithe"** an 31 Nollaig;

ciallaíonn **"gaol"**, i ndáil le duine, deartháir, deirfiúr, tuismitheoir nó céile de chuid an duine nó leanbh de chuid an duine nó an chéile;

ciallaíonn **"cúlstiúrthóireacht"** an post atá ag duine is cúlstiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, nó, i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta é (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus a shonraítear i bhfomhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó atá arna fhorordú chun críocha fhomhír (13), de mhír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1995, an post atá ag duine ar de réir a chuid nó a cuid treoracha nó ordachán is gnáth le comhaltaí an chomhlachta nó le comhaltaí an bhoird nó an chomhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann an comhlacht sin gníomhú;

tá le **"comhairleoir speisialta"** an bhrí a shanntar dó le halt 19 (1) d'Acht 1995, is

é sin le rá, duine -

(a) a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post lena mbaineann alt 7(1)(e) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, tar éis a bheith roghnaithe lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an bpost sin ag sealbhóir oifige go pearsanta ar shlí seachas trí nós imeachta comórtais,

nó

(b) atá nó a bhí ar fostú faoi chonradh le haghaidh seirbhísí ag sealbhóir oifige, tar éis a bheith roghnaithe, chun an conradh a fháil, ag sealbhóir oifige go pearsanta ar shlí seachas trí nós imeachta comórtais,

agus arb é nó arbh é a phríomhfheidhm nó a príomhfheidhm mar dhuine den sórt sin ná comhairle nó cúnamh eile a sholáthar don sealbhóir oifige nó thar ceann an tsealbhóra oifige;

[Folaíonn comhairleoir speisialta freisin duine arna cheapadh nó arna ceapadh, le hordú ón Rialtas, de bhun alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.]

ní fholaíonn **"céile"**, i ndáil le duine, céile a chónaíonn ar leithligh agus scartha ón duine;

ciallaíonn **"luach"**, i ndáil le bronntanas, an praghas a gheofaí ar an maoin is ábhar don bhronntanas dá ndíolfaí é ar an margadh oscailte ar an dáta a tugadh an bronntanas ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas is fearr

ar an maoin don díoltóir, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin.

Aguisíní

Aguisín 1: Crutha Ráitis

- *An tArd-Aighne (roinn 16)*
- *Stiúrthóirí Ainmnithe (roinn 17)*
- *Poist Ainmnithe (roinn 18)*
- *Comhairleoirí Speisialta Airí*
  Comhairleoirí Speisialta Airí (Céile agus Clann) (roinn 19)

An tArd-Aighne (roinn 16)

(Níl leagan Gaeilge den bhfoirm seo ar fáil fós.)

Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001

- Attorney General -

Statement of Interests for the purposes of Section 16 of the Ethics in Public Office Act 1995

This form is to be used by an Attorney General only where he / she is not a member of either House of the Oireachtas. Where an Attorney General is a member of Dáil Éireann or Seanad Éireann, he or she should use the forms appropriate to office holders.

Please complete in **BLOCK CAPITALS**

Name:	
Date of Appointment as Attorney General:	
Period comprehended by this Statement: (i.e. 1 January to 31 December or part thereof)	
Address for correspondence:	

In relation to each of the following disclosable interests, you should state any interest held **by you** and any interests held, to your actual knowledge, **by your spouse[1] or civil partner[2], a child of yours, or a child of your spouse,** which could materially influence[3] you in or in relation to the performance of your official functions. **The amount or monetary value of the interests need not be specified.** Explanatory notes on certain of the required statements are attached.

1. OCCUPATIONAL INCOME

Details of any remunerated trade, profession, employment, vocation or other occupation (other than your current position as Attorney General), the remuneration from which exceeded €2,600, during the period comprehended by this statement, should be listed here.

Description of trade, occupation, etc.	Business Address
Self:	
Spouse or Civil Partner or Child (name):	

2. SHARES ETC.

Details of any holding of shares in, or bonds or debentures of, or other like investments in, a particular company or other enterprise or undertaking, where the aggregate value of the holding exceeded €13,000 at any time during the period comprehended by this statement, should be listed here[4].

Type of Holding	Where held	Nature of Business
Self:		
Spouse or Civil Partner or Child (name):		

3. DIRECTORSHIPS

Details of any directorship or shadow directorship of any company[5] held during the period comprehended by this statement should be listed here[6].

Type of Directorship	Business Address	Nature of Business
Self:		
Spouse or Civil Partner or Child (name):		

4. LAND

Details of any interest in land where the value of such interest exceeded €13,000 at any time during the period comprehended by this statement should be listed here, including -

(i) any contract entered into for the purchase of land, whether or not a deposit or part payment has been made under the contract; and

(ii) any option held to purchase land, whether or not any consideration has been paid in respect thereof, or land in respect of which such an option has been exercised but has not yet been conveyed[7].

Property Address	Purpose for which used
Self:	
Spouse or Civil Partner or Child (name):	

5. TRAVEL, ACCOMMODATION, MEALS, ETC.

Details of travel facilities, living accommodation, meals or entertainment supplied during the period comprehended by this statement, free of charge or at a price that was less than the commercial price or prices, should be listed here[8].

Full Description	Name and Address of Supplier
Self:	
Spouse or Civil Partner or Child (name):	

6. OTHER REMUNERATED POSITIONS

Details of any remunerated positions held as a political or public affairs lobbyist, consultant or adviser during the period comprehended by this statement, should be listed here.

Full Description of Position	Name and Address of Person / Company / Organisation
Self:	
Spouse or Civil Partner or Child (name):	

7. PUBLIC SERVICE CONTRACTS

Details of any contract to which the person concerned was a party, or was in any other way, directly or indirectly interested, for the supply of goods or services to a Minister of the Government, or a public body during the period comprehended by this statement, if the value of the goods or services supplied exceeded €6,500 or, in case other goods or services were supplied under such a contract if the aggregate of their value and the value aforesaid exceeded €6,500, should be listed here.

Description of Contract and Interest	**Name and Address of Contractor**	**Minister / Public Body Concerned**
Self:		
Spouse or Civil Partner or Child (name):		

8. GIFTS, PROPERTY & SERVICES

Details of:

(i) any gift given during the period comprehended by this statement[9];

(ii) property supplied or lent, or a service supplied to the person, once or more than once by the same person, during the period comprehended by this statement, for a consideration or considerations, or at a price or prices less than the commercial consideration or considerations, or the commercial price or prices, by more than €650; and

(iii) property lent, or a service supplied to the person, once or more than once by the same person, during the period comprehended by this statement, free of charge if the commercial consideration or considerations, or the commercial price or prices was, or were more than €650[10];

should be listed here[11].

Full Description of Gift, Property and/or Service	Name and Address of Benefactor, Supplier and/or Lender
Self:	
Spouse or Civil Partner or Child (name):	

9. OTHER INTERESTS

In line with the provisions of Section 30 of the Ethics in Public Office Act 1995, voluntary statements in respect of any interests not specified in the Second Schedule to that Act (i.e., other than those specified at 1. to 8. above), and which are held by **you or your spouse or civil partner, or a child of yours or your spouse**, may be listed here if it is considered that such interests could materially influence you in or in relation to the performance of your official duties.

Self:
Spouse or Civil Partner or Child (name):

OBLIGATION TO DISCLOSE A MATERIAL INTEREST IN AN OFFICIAL FUNCTION

I am aware of the obligations placed on me by Section 16(1)(b) of the Ethics in Public Office Act 1995[12].

Signed: _____ **Date:** _____

NOTES

[1] "*spouse*", in relation to a person, does not include a spouse who is living separately and apart from the person;

[2] "*civil partner*" in relation to a person, means a civil partner within the meaning of the *Civil Partnership and Certain Rights and Obligations of Cohabitants Act 2010,* but does not include a civil partner who is living separately and apart from the person.

[3] which could materially influence you in or in relation to the performance of the functions of the office of Attorney General by reason of the fact that such performance could so affect those interests as to confer on or withhold from you or your spouse or civil partner or child of yours or child of your spouse a substantial benefit.

[4] "*holding*" does not include money in a current, deposit or other similar account with a financial institution.

[5] "*company*" means any body corporate.

[6] "*shadow directorship*" means the position held by a person who is a shadow director within the meaning of the Companies Acts 1963 to 1990, or, in the case of a public body that is not a company (within the meaning of the Companies Act 1963) and is specified in subparagraph (8), (9), (10), (11), or (12), or stands prescribed for the purposes of subparagraph (13), of paragraph 1 of the First Schedule to the Ethics in Public Office Act 1995, the position held by the person in accordance with whose instructions or directions, the members of the body, or the members of the board or other body that controls manages or administers that body, are accustomed to act.

[7] but excluding any interest in land consisting of any private home of the person or of his or her spouse or civil partner, that is to say, a building or part of a building that is occupied by the person or his or her spouse or a child of the person or of the spouse as a separate dwelling and any garden or other land usually occupied with the dwelling, being land that is subsidiary or ancillary to it, is required for its amenity or convenience and is not being used or developed primarily for commercial purposes.

[8] but excluding:

(a) travel facilities, living accommodation, meals or entertainment provided -

(i) within the State, or

(ii) in the course and for the purpose of:

- the performance of the functions of the person as Attorney General, or

- the trade, profession, employment, vocation or other occupation of the person (other than as Attorney General);

(b) travel facilities, living accommodation, meals or entertainment supplied to the person by a relative or civil partner or friend of the person, or of his or her spouse or civil partner, or of a child of the person or of his or her spouse, where such supply was in the nature of a gift to the person and for personal reasons only, unless the acceptance of such facilities, accommodation, meals or entertainment might reasonably be seen to have been capable of influencing him or her in the performance of his or her functions as Attorney General;

(c) travel facilities, living accommodation, meals or entertainment supplied to the person, once or more than once by the same person during the period comprehended by this statement, free of charge if the commercial price, or the aggregate of the commercial prices, of the facilities, accommodation, meals or entertainment did not exceed €650; or

(d) travel facilities, living accommodation, meals or entertainment supplied to the person, once or more than once by the same person during the period comprehended by this statement, at a price or prices less than the commercial price or prices by not more than €650.

[9] but excluding -

(i) a gift to the person by a relative or civil partner or friend of the person or of his or her spouse or civil partner, or of a child of the person or of his or her spouse, for purely personal reasons only, unless the acceptance of the gift by the person could have materially influenced him or her in the performance of his or her functions as Attorney General; and

(ii) a gift given to the person, or gifts given to the person by the same person, during the period comprehended by the statement, as respects which the value, or the aggregate value, of the property the subject of the gift or gifts did not exceed €650 at any time during the period comprehended by the statement.

[10] other than property supplied or lent, or a service supplied to a person by a relative or civil partner or friend of the person, or of his or her spouse or civil partner, or of a child of the person or of his or her spouse, where such supply or loan was in the nature of a gift to the person and for personal reasons only, unless the acceptance of the property or loan or the service by the person could have materially influenced him or her in the performance of his or her functions as Attorney General.

[11] insofar as services in (ii) and (iii) relate to legal or medical services (including psychiatric or psychological services), it is only necessary to state that such services were supplied to you or to a person (who need not be identified) in respect of whom you are required to make a statement.

[12] In any case where a function falls to be performed and the holder of the office of Attorney General has actual knowledge that he or she, or a connected person within the meaning of the Ethics in Public Office Act 1995 and section 97 of the Civil Partnership and Certain Rights and Obligations of Cohabitants Act 2010, has a material interest in a matter to which the function relates, he or she shall prepare and furnish to the Taoiseach and the Standards in Public Office Commission a statement in writing of those facts and of the nature of the interest.

Additional information

Additional information on the requirements of the Ethics Acts and further relevant definitions are set out in the Standards in Public Office Commission's guidelines for public servants on compliance with the provisions of the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001. In addition to the guidelines, public servants may seek further information or advice from the Standards in Public Office Commission (tel: 01 639 5666; e-mail: sipo@sipo.gov.ie) concerning any provision of the legislation or the application of any such provision in any particular case.

Statements by Attorney General.

16.—(1) A person who holds or held the office of Attorney General—

(*a*) shall, subject to *section 20 (3)*, in each year during any part of which he holds or held that office prepare and furnish to the Taoiseach and the Commission a statement in writing of—

(i) the interests of the person, and

(ii) the interests of which he or she has actual knowledge of his or her spouse or civil partner or a child of the person or of his or her spouse, during the appropriate period specified in *section 20 (1)* which could materially influence the person in or in relation to the performance of the functions of that office by reason of the fact that such performance could so affect those interests as to confer on or withhold from the person or the spouse or civil partner or child a substantial benefit, and

(*b*) in any case where such a function falls to be performed and he or she has actual knowledge that he or she or a connected person has a material interest in a matter to which the function relates shall, before or as soon as may be after such performance, prepare and furnish to the Taoiseach and the Commission a statement in writing of those facts and of the nature of the interest.

(2)(*a*) Section 20 shall apply to a statement under subsection (1)(*a*) with the modifications that the references in that section to section 19(3)(*a*)(i) shall be construed as references to subsection (1)(*a*), the references to the special advisership shall be construed as references to the office of Attorney General and with any other necessary adaptations.

(*b*) *Subsection (2)* of *section 29* shall apply to the interests specified in *subsection (1) (a)* and to a person who holds the office of Attorney General as if the references in that subsection to *sections 17 (1) (a), 18 (2) (a)* and *19 (3) (a) (i)* included references to *subsection (1) (a)* and with any other necessary adaptations.

(3) References in this section to the performance of a function of the office of Attorney General are references to the performance of the function by the holder of that office personally or by another person in pursuance of a direction given to the person, in relation to the particular matter concerned, by such holder personally or a person

acting on behalf of and with the personal knowledge of such holder.

(4) Where a person who holds the office of Attorney General is a member—

(*a*) *paragraph (a)* of *subsection (1)* shall not apply to the person as respects the interests, during the period of the person's membership, of the persons specified in that paragraph, and

(*b*) *paragraph (b)* of that subsection shall not apply to the person during the period of the person's membership.

Stiúrthóirí Ainmnithe (roinn 17)

Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

– Stiúrthóireachtaí Ainmnithe –

-

Ráiteas i dtaobh Leasanna chun críocha Alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995

Comhlánaigh i gceannlitreacha móra le do thoil

Ainm:	
Teideal na Stiúrthóireachta a Shealbhaítear:	
Comhlacht Poiblí:	
Dáta Ceapacháin:	
An Tréimhse a Chuimsítear sa Ráiteas seo:	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	

Maidir le gach ceann de na leasanna seo a leanas ar féidir a nochtadh, ba chóir duit aon leas a lua atá arna shealbhú **agatsa**, agus aon leasanna atá arna sealbhú, ar feadh d'eolais iarbhír, **ag do chéile[1], ag do pháirtnéir sibhialta[2], ag leanbh leat, nó ag leanbh le do chéile**, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna oifigiúla nó maidir lena gcomhlíonadh. **Ní gá méid nó luach airgid na leasanna a shonrú.** Tá nótaí míniúcháin ar chuid de na ráitis riachtanacha ag gabháil leis seo.

IONCAM OIBRE, ETC.

Ba chóir sonraí maidir le haon cheird, ghairm, fhostaíocht, slí bheatha, nó obair eile (seachas an stiúrthóireacht ar a bhfuil cur síos ar an gcéad leathanach den ráiteas seo), lenar bhain luach saothair ar mhó é ná €2,600 le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a liostú anseo.

Cur síos ar an Obair	Seoladh Gnó
Tú féin:	
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):	

2. SCAIREANNA, ETC.

Ba chóir sonraí maidir le haon sealúchas scaireanna i gcuideachta shonrach, nó bannaí nó bintiúir de chuid na cuideachta nó aon infheistíochtaí den sórt sin inti nó i bhfiontar nó i ngnóthas eile sa chás gur mhó luach comhiomlán an tsealúchais ná €13,000 tráth ar bith le linn na tréimhse atá cuimsithe sa ráiteas seo, a liostú anseo[4].

Cineál sealúchais	Áit Sealbhaithe	Cineál Gnó
Tú féin:		
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):		

3. STIÚRTHÓIREACHTAÍ

Ba chóir sonraí maidir le haon stiúrthóireacht nó chúlstiúrthóireacht ar aon chuideachta[5] a sealbhaíodh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo a liostú anseo[6].

Cineál Stiúrthóireachta	Seoladh Gnó	Cineál Gnó
Tú féin:		
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):		

4. TALAMH (GAN TEACH PRÍOBHÁIDEACH SAN ÁIREAMH)[7]

Ba chóir sonraí a liostú anseo maidir le haon leas i dtalamh sa chás gur mhó luach an leasa sin ná €13,000 tráth ar bith le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, agus san áireamh –

(i) aon chonradh a rinneadh chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh éarlais nó páirtíocaíocht faoin gconradh; agus

(ii) aon rogha arna sealbhú chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh aon chomaoin maidir leis sin, nó talamh a ndearnadh rogha den sórt sin a fheidhmiú ina leith ach nach bhfuil tíolactha fós[4].

.

Seoladh na Maoine	Feidhm na Maoine
Tú féin:	
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):	

5. TAISTEAL, CÓIRÍOCHT, BÉILÍ, ETC.

Ba chóir sonraí maidir le saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a bhí saor in aisce nó ar phraghas ba lú ná an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála, a liostú anseo[8].

Cur Síos Iomlán	Ainm agus Seoladh an tSoláthraí
Tú féin:	
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):	

6. POIST EILE LE LUACH SAOTHAIR

Ba chóir aon phoist lenar bhain luach saothair mar bhrústocaire, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir um polaitíocht nó um ghnóthaí poiblí, a sealbhaíodh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a liostú anseo.

Cur Síos Iomlán ar an bPost	Ainm agus Seoladh an Duine / na Cuideachta / na hEagraíochta
Tú féin:	
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):	

7. CONARTHAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba chóir sonraí a liostú anseo faoi aon chonradh inar pháirtí an duine lena mbaineann, nó a raibh leas aige nó aici ar aon slí eile ann, go díreach nó go hindíreach, chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire den Rialtas, nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, más rud é gur mhó luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh ná €6,500 nó, sa chás gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin agus gur mhó ná €6,500 go comhiomlán a luach sin agus luach na n-earraí agus na seirbhísí réamhráite.

Cur Síos ar Chonradh agus Leas	Ainm agus Seoladh an Chonraitheora	Aire / Comhlacht Poiblí lena mBaineann
Tú féin:		
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):		

8. BRONNTANAIS, MAOIN & SEIRBHÍSÍ

Ba chóir sonraí maidir le:

(i) haon bhronntanas a tugadh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo[9];

(ii) maoin a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht, nó seirbhís a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, ar chomaoin nó chomaoineacha, nó ar phraghas nó phraghsanna ar lú é nó iad ná an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála, nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála, de mhéid ba mhó ná €650; agus

maoin a tugadh ar iasacht nó seirbhís a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, saor in aisce má ba mhó ná €650[10] an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála, nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtál.

a liostú anseo[11].

Cur Síos Iomlán ar Bhronntanas, ar Mhaoin agus/nó ar Sheirbhís	Ainm agus Seoladh an Bhronntóra, an tSoláthraí agus / nó an Iasachtóra
Tú féin:	
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):	

9. LEASANNA EILE

Ag teacht le forálacha Alt 30 den Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995, is féidir ráitis dheonacha maidir le haon leasanna nach bhfuil sonraithe sa Dara Sceideal leis an Acht sin (i.e. seachas na cinn ag 1. go 8. thuas), agus atá **i do sheilbh nó i seilbh do chéile, i seilbh do pháirtnéara sibhialta nó i seilbh linbh leat nó linbh le do chéile**, a liostú anseo má mheastar go bhféadfadh na leasanna sin tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna oifigiúla nó maidir lena gcomhlíonadh.

Tú féin:
Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):

TÁ TÚ FAOI OIBLEAGÁID LEAS ÁBHARTHA i bhFEIDHM OIFIGIÚIL A NOCHTADH

Tá mé ar an eolas faoi na hoibleagáidí a éilítear orm faoi Alt 17(1)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995[12]

Síniú: _____ **Dáta**: _____

NÓTAÍ

[1] faoin bhfocal "*céile*" i ndáil le duine, ní chuimsítear céile atá ina c(h)ónaí as/aisti féin agus go leithleach ón duine.

[2] ciallaíonn "*páirtnéir sibhialta*" i ndáil le duine, páirtnéir sibhialta laistigh de bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010* ach ní chuimsítear faoi, páirtnéir sibhialta ata ina c(h)ónaí as/aisti féin agus go leithleach ón duine.

[3] a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh fheidhmeanna na stiúrthóireachta nó maidir lena gcomhlíonadh de bhrí go bhféadfadh an comhlíonadh sin dul i gcion ar na leasanna sin chun sochar substaintiúil a bhronnadh nó a chosc ort nó ar do chéile nó do pháirtnéir sibhialta nó ar leanbh leat nó ar leanbh le do chéile.

[4] ní chuimsíonn "sealúchas" airgead i gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó ina leithéid eile de chuntas in institiúid airgeadais.

[5] ciallaíonn '*cuideachta'* comhlacht corpraithe ar bith

[6] is éard is brí le "cúlstiúrthóireacht" an post atá arna shealbhú ag duine ar cúlstiúrthóir é nó í faoi bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, nó, i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta é (faoi bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus atá sonraithe i bhfomhír (8), (9), (10), (11), nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fhomhír (13) de mhír 1 den Chéad Sceideal leis an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995, an post atá arna shealbhú ag an duine ar de réir a threoracha nó a orduithe is gnách le comhaltaí an chomhlachta feidhmiú, nó le comhaltaí an bhoird nó comhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn, nó a riarann an comhlacht, feidhmiú

[7] ach gan san áireamh aon leas i dtalamh ar teach cónaithe príobháideach an duine nó chéile an duine no páirtnéir sibhialta é, is é sin le rá, foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh atá in áitíocht an duine, nó in áitíocht chéile an duine, nó in áitíocht linbh leis an duine nó le céile an duine, mar áit chónaithe ar leith agus aon ghairdín nó talamh eile atá in áitíocht de ghnáth leis an teach cónaithe, ar talamh é atá tánaisteach nó cúntach leis, agus ar gá é mar thaitneamhacht nó mar áis leis, agus nach bhfuil á úsáid nó á fhorbairt go príomha chun críocha tráchtála.

[8] ach gan san áireamh:

(a) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar

(i) laistigh den Stát, nó

(ii) le linn agus chun críocha:

- chomhlíonadh fheidhmeanna an duine mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, nó

- cheird, shlí bheatha, fhostaíocht, ghairm nó obair eile an duine (seachas sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe);

(b) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine ag gaol nó ag páirtnéir sibhialta nó ag cara leis an duine, nó do chéile an duine nó páirtnéir sibhialta an duine, nó do leanbh leis an duine nó do leanbh le céile an duine, sa chás gur bhronntanas don duine, agus ar chúiseanna pearsanta agus sin amháin, a rinneadh an soláthar sin, murar rud réasúnta é a shamhlú, dá nglacfaí leis na saoráidí sin, leis an gcóiríocht sin, leis na béilí sin, nó leis an tsiamsaíocht sin, go bhféadfadh an glacadh sin tionchar a imirt ar an duine agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe;

(c) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna sholáthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, saor in aisce murar mhó ná €650 praghas tráchtála nó go comhiomlán praghsanna tráchtála na saoráidí, na cóiríochta, na mbéilí nó na siamsaíochta; nó

(d) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, ar phraghas nó ar phraghsanna a bhí níos lú ná an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála de mhéid nach mó ná €650.

9 ach gan a chur san áireamh:

